



GAEILGE IORRAIS

Preasráiteas Press Release 07.09.2020 Spriocdháta 28.09.2020	Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 097 29023 www.gaeilgeiorrais.ie	*English language version is available on page 3.
---	--	--

Gaelchara: Foghlaim Gaeilge le Cainteoir Dúchais

An bhfuil Gaeilge na háite ar do thoil agat? An bhfuil suim agat a bheith id 'Ghaelchara' agus an tseoid nó an scil seo a roinnt le duine eile? Más foghlaimeoir Gaeilge thú, ar mhaith leat snas a chur ar do chuid Gaeilge labhartha agus tú i mbun caitheamh aimsire nó imeacht sóisialta le Gaelchara?

Tá ríméad ar Ghaeilge Iorrais scéim 'Gaelchara 2020' a fhógairt.¹ Is aidhm leis an scéim meantóireachta seo deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí Gaeilge i nGaeltacht Thuaisceart Mhaigh Eo feabhas agus snas a chur ar a gcuid scileanna teanga. Tabharfar deis don fhoghlaimeoir tréimhse a chaitheamh i gcomhlúadar cainteora dhúchais (an Gaelchara) gach seachtain chun cleachtadh a fháil leis an gcanúint áitiúil agus le húsáid laethúil na Gaeilge mar theanga bheo i suíomh Gaeltachta. Beidh an foghlaimeoir in ann feabhas a chur ar a scileanna teanga trína bheith páirteach i ngníomhaíocht nó caitheamh aimsire leis an gcainteoir dúchais; bíodh sin ina imeacht sóisialta; ag cleachtadh spóirt; ag cleachtadh ceirde; nó trína bheith páirteach i ngníomhaíocht nó i gcaitheamh aimsire de chineál eile. Táthar ag súil go dtabharfar deiseanna don fhoghlaimeoir an Ghaeilge a chleachtadh le cainteoirí dúchais eile agus go gcuirfear borradh faoi labhairt na Gaeilge agus na gcanúintí áitiúla Gaeilge sa Ghaeltacht seo chomh maith.

Beidh ar an bhfoghlaimeoir agus an cainteoir dúchais **30 uair a chloig** ar a laghad a chaitheamh ag labhairt agus ag cleachtadh Gaeilge le chéile. Is féidir na huaireanta sin a

¹ Is scéim phiólótach í seo atá bunaithe ar an scéim 'Gaelchara' atá forbartha ag Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola. Feic, freisin, tagairt do chlár na Máistrí agus na bPrintiseach <https://aicls.org/master-apprentice-program-map/> (Ní Dhúda, 2014:60).



dhéanamh am ar bith taobh istigh de thréimhse 4 mhí (Deireadh Fómhair – Eanáir 2021), ach moltar c.2 uair a chloig sa tseachtain ar a laghad a chur ar leataobh don scéim seo.

Breis Eolais:

- Tá an scéim seo oscailte do: (i) foghlaimeoirí Gaeilge atá ina gcónaí i limistéar Gaeltachta Mhaigh Eo Thuaidh agus (ii) cainteoirí dúchais Gaeilge atá ina gcónaí i nGaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh.
- Níl an scéim seo feiliúnach do ghiantosaitheoirí nó iad siúd gan bunscileanna sa Ghaeilge acu. Tabharfar tús áite d'iarrthóirí a bhfuil leibhéal réasúnta Gaeilge acu.
- Beidh ar an bhfoghlaimeoir agus ar an nGaelchara meastóireacht agus tuairisciú rialta a dhéanamh. Déanfar é seo trí dhialann teanga a líonadh agus taifead a dhéanamh ar dhul chun cinn.
- Ní ceart go mbeadh aon cheangal fola nó pósta idir an foghlaimeoir agus an cainteoir dúchais. Ní ceart go mbeidís ón dteaghlach céanna ach oiread.
- Níl an scéim seo oscailte d'fhoghlaimeoirí atá ag déanamh staidéir ar an nGaeilge sa chóras oideachais.
- Ní mór d'iarrthóirí foirm iarratais a chomhlánú i gcomhar lena chéile **roimh Dé Luain 28.09.2020**. Tá an fhoirm iarratais le fáil ó gaelgeiorrais@gmail.com.
- Déanfaidh painéal neamhspleách meastóireacht ar na hiarratais agus is iad a dhéanfaidh an cinneadh maidir le rannpháirtithe sa scéim seo i 2020.
- Bronnfar duais mhaith ar gach foghlaimeoir Gaeilge agus cainteoir dúchais a chríochnaíonn an clár seo go sásúil.
- Tá an scéim seo teoranta toisc gur scéim phíolótach í seo.

Cuirfear na rudaí seo a leanas san áireamh agus an t-iarratas a mheas:

- Tiomantas agus dúthracht na rannpháirtithe maidir le húsáid na Gaeilge.
- Cur síos soiléir ar an ngníomhaíocht/caitheamh aimsire agus ar an amchlár oibre.
- Cur síos ar spriocanna teanga an fhoghlaimeora agus ar an gcaoi a bhainfear na spriocanna sin amach.
- Luach breise: gníomhaíochtaí agus/nó rudaí breise a chuirfidh le hacmhainn teanga an fhoghlaimeora.

Gaelchara: Mentoring scheme for Irish language learners and native speakers

Gaelchara is an innovative mentoring scheme which aims to give Irish-language learners living in the North Mayo Gaeltacht an opportunity to practice and speak Irish as a living, every-day language. Over a four-month period, the learner will team-up with a native Irish speaker and both will participate in a social, cultural or sporting activity *trí mheán na Gaeilge*, be it a craft, a pastime, a sport or other activity. The learner will have the opportunity to practice their spoken Irish and improve their Irish language skills by participating in this activity in the company of a native speaker (his or her Gaelchara). The learner will spend time with their Gaelchara each week to become more competent in the local dialect of Irish (including local phrases and terminology) and more familiar with daily Irish language use in a Gaeltacht setting. Additionally, it is hoped that the native speaker will introduce the learner to other situations where Irish is spoken as a community language so that the learner will have the opportunity to speak Irish with other daily Irish speakers. In the long term, it is hoped a pattern will be established where the learner has a wide range of speakers with whom he or she can speak Irish to. The native speaker and the learner are required to commit to a minimum of **30 hours over a 4-month period** (October – January 2020). A minimum of 2 hours contact time per week is also advised.

Further information

- This scheme is only open to habitual residents of the North Mayo Gaeltacht who are committed to learning and improving their Irish and to native speakers of Irish from the North Mayo Gaeltacht area.
- This scheme is not suitable for total beginners or those who do not have basic skills in Irish. Priority will be given to those who have a reasonable grasp of the Irish language.
- The learner and Gaelchara mentor must each provide regular monthly reports on their progress. This will be done by keeping a language diary to record progress and outcomes.

- Applicants should not be related to one and other or come from the same household.
- This scheme is not open to those already studying Irish in the education system.
- Applicants should submit their completed application form before **Monday 28.09.2020**. The application form is available from gaeilgeiorrais@gmail.com. An independent panel will assess all applications and will also decide on the awards.

The following will be taken into consideration when assessing applications:

- The motivation and commitment of the applicants regarding practicing and improving Irish language skills and furthering daily Irish language use.
- The proposed plan for undertaking this scheme .i. pastime or activity, timetable, outcomes etc.
- The language objectives of the learner and how these objectives will be achieved.
- Any extra initiatives that gives added value to the application: for example, other activities that will help the learner improve his or her Irish.
- Prizes will be awarded to every learner and native speaker that successfully complete the program.
- This scheme is limited as this is a pilot scheme.

(CRÍOCH/END)